

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?  
Bhí mé ag ...  
Chuaigh mé go (dtí an) ...  
Chonaic mé ...  
D'ith mé ...  
What did you do this week?  
I was at ...  
I went to (the) ...  
I saw ...  
I ate ...
  
2. Arbh fhearr leat teach mór millteach  
nó teach beag bídeach? Cén fáth?  
B'fhearr liom ...  
Would you prefer a big giant house or a  
teeny tiny house? Why?  
I would prefer ...
  
3. An bhfuil gairdín agat?  
Tá / Níl  
Do you have a garden?  
Yes / No

**Obair Tí (Honor Mhic Ghiolla Chlaoin)**

**Housework**

1. Tá duine nó beirt sa rang Gaeilge a admhaíonn nach bhfuil siad in ann slacht a choinneáil ar an teach. There are one or two people in the Irish class that admit that they aren't able to keep the house tidy.
2. Éiríonn leis an dream eile teach néata a chruthú. The other group succeeds in making a clean house.
3. Ní hé nár mhaith linn go léir tithe glana néata a bheith againn ach níl a fhios againn conas é a dhéanamh. It isn't that we wouldn't all like to have nice clean houses, but we don't know how to do it.
4. Caithfidh sé nár fhoghlaimíomar i gceart riamh. It must be that we didn't ever learn properly.
5. Tugaimid tacaíocht dá chéile. We help each other.
6. Bíonn comórtais againn faoi cá mhéad leathphéire stocaí atá againn. We have contests about how many unpaired socks we have.
7. An gcreidfeá go bhfuil duine nó beirt sa rang a fhéachann orainn amhail is nach dtuigeann siad céard is stoca singil ann? Would you believe there are one or two people in the class that look at us as if they don't understand what a single sock is.
8. Thug sé misneach dom le déanaí nuair a dúirt bean atá thar a bheith eagraithe i ngach gné eile dá saol go raibh go leor stocaí gan pháirtí ina teach. It encouraged me recently when a woman who is beyond organized in every other aspect of her life said that there were many socks without companions in her house.
9. Sular rugadh an páiste is óige againne, bhí orm tréimhse a chaitheamh san ospidéal agus bhí m'fhearr céile bocht trína chéile ag iarraidh teacht ar phéirí stocaí do na páistí eile. Before our youngest child was born, I had to spend a period in the hospital and my poor husband was distraught trying to find pairs of socks for the other children.
10. Faoi dheireadh chuaigh sé chuig Penny's agus cheannaigh sé 24 (fiche a ceathair) péire stocaí! At last he went to Penny's and he bought 24 pairs of socks!
11. Taobh istigh de chúpla seachtain bhí an fhadhb chéanna againn arís. Within a few weeks we had the same problem again.

- |  |  |
|--|--|
| 12. Cuirimid péire stocaí isteach san inneall níocháin agus tagann stoca amháin nó trí cinn amach.                       | We put a pair of socks in the washing machine and one sock or three come out.  |
| 13. Is ceann de rúin mhóra an tsaoil é seo.  | This is one of the great secrets of life.  |
| 14. Creideann bean amháin go bhfuil arracht éigin ina chónaí san inneall níocháin.                                       | One woman believes that there is some monster living in the washing machine.   |
| 15. Tá seomra codlata againn anois nach bhfuil ann ach stocaí uaigneacha gan pháirtí.                                    | We have a bedroom now that only has lonely socks in it without a partner.  |
| 16. Bíonn deacrachtaí againn mar gheall air sin nuair a thagann cuairteoirí.   | We have difficulties with that when visitors come.   |
| 17. Ag tracht ar chuairoteoirí, tá riail bheag amháin agam ina dtaobh: gan leithscéal a dhéanamh faoi staid an tí.       | Speaking of visitors, I have one little rule concerning them: not to make an excuse for the state of the house.            |
| 18. Sin an mana atá agam – go teoriciúil, ar a laghad.   | That’s my mantra – theoretically, at least.  |
| 19. Creidim go diongbháilte nach mbaineann sé le haon duine eile conas a réitimid ár dteach féin.                        | I firmly believe that it’s none of anyone else’s business how we organize our own house.                                   |
| 20. Ach tharla sé cúpla uair gur tháinig daoine gan choinne agus go raibh orm rith timpeall go tapa ag glana suas rompu. | But it happened a few times that people came without warning and that I had to run around quickly cleaning up before them. |

**Ceisteanna**

**Questions**

- |   |  |
|---|--|
| 1. Cad atá á phlé san aiste seo?                            | What is being discussed in this essay?       |
| 2. An bhfuil gach duine go maith ag glanadh an tí?          | Is everyone good at cleaning the house?      |
| 3. Cén fhadhb a bhíonn ag na stocaí?                        | What problem do the socks have?              |
| 4. Cad a cheannaigh fear céile an údair?                    | What did the author's husband buy?           |
| 5. Cén fáth go raibh a fear céile ina aonar leis na páistí? | Why was her husband alone with the children? |
| 6. An maith leatsa an teach a ghlanadh?                     | Do you like cleaning the house?              |
| 7. Cé chomh minic is a ghlanann tú an teach?                | How often do you clean the house?            |
| 8. An gailleann tú stocaí go minic?                         | Do you often lose socks?                     |
| 9. An mbíonn a lán cuairteoirí agat?                        | Do you have a lot of visitors?               |
| 10. Cén saghas obair tí is fearr leat?                      | What kind of housework do you like the most? |
| 11. Cén saghas obair tí is lú a thaitníonn leat?            | What kind of housework do you like least?    |